

21.3.2019

A8-0175/89

**Leasú 89**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(c a) ciallaíonn ‘eistheoir’ eistheoir liostaithe faoi mar a shainmhínítear i bpointe (h) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup> agus i bpointe (h) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1b</sup>;*

---

*<sup>1a</sup> Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64).*

*<sup>1b</sup> Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad le haghaidh trádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch 12).*

Or. en

21.3.2019

A8-0175/90

**Leasú 90**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 11 a*

*Rannchuidiú substaintiúil le cuspóirí sóisialta*

*1. Measfar go mbeidh gníomhaíocht eacnamaíoch ag rannchuidiú go substaintiúil le cuspóirí sóisialta má dhéantar an ghníomhaíocht sin ar cheann de na bealaí seo a leanas:*

*(a) rochtain chothromasach ar bhia inacmhainne, sábháilte, leordhóthanach agus cothaitheach a chur chun cinn nó slándáil bia a áirithiú, nó an dá cheann;*

*(b) rochtain chothromasach ar sheirbhísí sláinte agus ar chumhdach uilíoch sláinte a chur chun cinn;*

*(c) rochtain chothromasach ar oideachas agus oiliúint a chur chun cinn;*

*(d) rochtain chothromasach ar chosaint shóisialta a chur chun cinn;*

*(e) rochtain chothromasach ar thithíocht leormhaith agus inacmhainne a chur chun cinn;*

*(f) rochtain chothromasacha ar bhunseirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach, a chur chun cinn;*

*(g) tacú le forbairt a dhéanamh ar*

*eagraíochtaí den gheilleagar sóisialta agus ar fhiontair sóisialta.*

*2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun:*

*(a) mír 1 den Airteagal seo a fhorlíonadh trí chritéir scagtha theicniúla a bhunú ar bhonn táscairí chun coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go substaintiúil le cuspóirí sóisialta;*

*(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh trí chritéir scagtha theicniúla a bhunú ar bhonn táscairí le haghaidh gach cuspóra sóisialta nó comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo díobháil shuntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sóisialta nó comhshaoil sin.*

*3. Déanfaidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla ar bhonn táscairí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhunú i ngníomh tarmligthe aonair, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.*

*4. Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh faoin 1 Iúil 2022, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.*

Or. en

21.3.2019

A8-0175/91

**Leasú 91**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Chun críocha Airteagal 3(b), agus trimthriall iomlán na gníomhaíochta á chur san áireamh, measfar gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ag déanamh díobhála go suntasach do na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 5 más rud é go bhfuil an ghníomhaíocht sin ina dhochar go suntasach do na prionsabail a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta.*

Or. en

21.3.2019

A8-0175/92

**Leasú 92**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir scagtha theicniúla a bhunú ar bhonn táscairí agus an phrionsabail réamhchúraim ar mhaithe lena chinneadh cibé an ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas, chun críocha phointí (a) go (f) den chéad mhír den Airteagal seo, mar ghníomhaíochtaí a bhfuil tionchar comhshaoil acu atá diúltach go suntasach.***

Or. en

**Leasú 93**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil****A8-0175/2019****Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Is éard a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige lena áirithiú **go** gcloífead leis na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair, ***eadhon: maidir leis an gceart gan bheith faoi réir saothar éignithe, le saoirse comhlachais, le ceart oibrithe i dtaobh eagrúcháin, leis an gceart chun cómhargála, le luach saothair comhionann d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe bainearna ar obair a mbaineann luach comhionann léi, le neamh-idirdhealú maidir le deiseanna agus cóir i dtaobh fostaíochta agus slí bheatha, chomh maith le ceart leanai gan bheith faoi réir saothar leanai, déantar iad a urramú.***

Is é a bheidh sna coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c) ná nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an ngnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh aige ***lena áirithiú go gcloífead le treoirlínte ECFE maidir le fiontair ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear*** na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i ndearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta agus Prionsabail Bhunúsacha ag an Obair ***agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.***

***2. Na coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 3(c), déanfaidh an gnóthas atá ag déanamh gníomhaíochta eacnamaíche iad a chur chun feidhme, le sárdhícheall, trí nósanna imeachta an díchill chuí atá ag luí le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus le Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó***

*Freagrach (2018). Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn dícheall cuí an nós imeachta nó sraith de nósanna imeachta a dhéanann gnóthais chun go bhféadfaidh siad an chaoi a dtugann siad aghaidh ar thionchar diúltach, féideartha nó iarbhír ar chearta an duine a shainnithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh, lena n-áirítear cearta daonna na n-oibrithe, i gcomhthéacs ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais, slabhraí soláthair agus caidreamh gnó.*

*3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí chritéir a shonrú ar mhaithe lena chinneadh cad iad na ceanglais faoin Airteagal a bhfuiltear le cloí leo. Nuair a bheidh an gníomh tarmligthe sin á tharraingt suas ag an gCoimisiún, breithneoidh sé na prionsabail dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2020.*

Or. en

21.3.2019

A8-0175/94

**Leasú 94**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) ***a iomchuí atá sé*** cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta;

(c) ***na céimeanna atá de dhíth agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun*** raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chumhdach, go háirithe cuspóirí sóisialta, ***lena n-áirítear critéir agus táscairí a bhaineann le freagracht shóisialta chorparáideach agus an geilleagar sóisialta.***

Or. en



21.3.2019

A8-0175/95

**Leasú 95**

**Simona Bonafè, Elena Gentile, Pervenche Berès**  
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1 a. Faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur ar aghaidh ina mbeidh plean ag leagan amach an chaoi a bhfuil an measúnú chun cuspóirí sóisialta, amhail rannchuidiú le dul i ngleic le héagothromas, cothú an chomhtháthú sóisialta, an lánpháirtithe shóisialta agus an chaidrimh saothair, nó infheistiú i gcaipiteal daonna nó i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste go heacnamaíoch nó go sóisialta, a chumhdach le hullmhú.***

Or. en